Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Nollaig 2023
(OR. en)

16041/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0394(COD)**

**EJUSTICE 65**
**JURINFO 16**
**JAI 1571**
**JUSTCIV 180**
**COPEN 418**
**CODEC 2280**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gcomhar breithiúnach agus rochtain ar cheartas a dhigitiú in ábhair shibhialta, tráchtála agus choiriúla trasteorann, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 1 Nollaig 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagail 81(2)(e) agus (f) agus 82(1)(d) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí barúlacha foirmiúla uaidh an 25 Eanáir 2022[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 19 Bealtaine 2022[3].

4. An 23 Samhain 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh an Chomhairle in ann glacadh leis[4].

1 14850/21 + ADD 1 go dtí ADD 4.
2 https://edps.europa.eu/system/files/2022-01/2022-01-25_edps_comments_justice_digitalisation_en.pdf
3 IO C 323, 26.8.2022, lch. 77.
4 15899/23.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle[5][6] an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 50/23 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

5 I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

6 I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.